Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/0240(COD)

24.6.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Buiséid, chuig an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach agus chuig an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509
(COM(2025)0565 – C10-0179/2025 – 2025/0240(COD))

Rapóirtéir don tuairim: An tUasal Javier Zarzalejos

PA_Legam

LEASÚ

Cuireann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile in iúl don Choiste um Buiséid, don Choiste um Fhorbairt Réigiúnach agus don Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, mar na coistí atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1
Togra le haghaidh rialacháin
Lua 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42, Airteagal 43(3), Airteagal 46, pointe (d), Airteagal 91(1), pointe (d), Airteagal 149, Airteagal 153(2), pointe (a), agus Airteagail 164, 175, 177 agus 178, Airteagal 192(1), Airteagal 194(2), Airteagal 209(1), Airteagal 212(2), Airteagal 322(1), pointe (a), agus Airteagal 349 de,	Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42, Airteagal 43(3), Airteagal 46, pointe (d), Airteagal 91(1), pointe (d), Airteagal 149, Airteagal 153(2), pointe (a), agus Airteagail 164, 175, 177 agus 178, Airteagal 192(1), Airteagal 194(2), Airteagal 209(1), Airteagal 212(2), Airteagal 322(1), pointe (a), ***Airteagal 325(4)*** agus Airteagal 349 de,

Leasú 2
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) Na prionsabail chothrománacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus in Airteagal 10 CFAE, lena n-áirítear prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 CAE iad, ba cheart iad a urramú agus na Cistí á gcur chun feidhme, agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt') á cur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit na hoibleagáidí a urramú a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, agus an

	inrochtaineacht a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 9 de agus i gcomhréir leis an dlí de chuid an Aontais lena gcomhchuibhítear ceanglais inrochtaineachta i gcás táirgí agus seirbhísí.

Leasú 3
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ní mór don Aontas a chuspóirí a bhaint amach laistigh de chomhthéacs dúshlánach eacnamaíoch, sóisialta agus déimeagrafach, lena n-áirítear éagothromaíochtaí réigiúnacha agus críochacha leanúnacha, tionchair an athraithe aeráide agus dúshláin a bhaineann le slándáil bia agus cosaint an dúlra, dul chun cinn neamhleor agus míchothrom maidir le claochlú digiteach an Aontais, an dochar a dhéantar d'iarrachtaí ceannasacht dhigiteach an Aontais a neartú chomh maith le hiarmhairtí móra eacnamaíocha agus sóisialta. Mar aon leis sin, tá comhthéacs dúshlánach geopholaitiúil agus geo-eacnamaíoch ann a bhfuil tionchar aige ar bheartais chosanta, slándála (lena n-áirítear slándáil eacnamaíoch) agus imirce an Aontais. Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin sin, tá gá le buiséad de chuid an Aontais atá níos dírithe, níos simplí agus a bhfuil tionchar níos mó aige, chun breisluach an Aontais agus ailíniú soiléir idir tacaíocht airgeadais an Aontais agus tosaíochtaí beartais an Aontais ar fud na réimsí beartais agus na modhanna bainistíochta uile a áirithiú agus chun [leanúint d'iarrachtaí chun] rialacha maidir le tacaíocht airgeadais an Aontais a shimpliú.	(7) Ní mór don Aontas a chuspóirí a bhaint amach laistigh de chomhthéacs dúshlánach eacnamaíoch, sóisialta agus déimeagrafach, lena n-áirítear éagothromaíochtaí réigiúnacha agus críochacha leanúnacha, tionchair an athraithe aeráide agus dúshláin a bhaineann le slándáil bia agus cosaint an dúlra, dul chun cinn neamhleor agus míchothrom maidir le claochlú digiteach an Aontais, an dochar a dhéantar d'iarrachtaí ceannasacht dhigiteach an Aontais a neartú chomh maith le hiarmhairtí móra eacnamaíocha agus sóisialta. Mar aon leis sin, tá comhthéacs dúshlánach geopholaitiúil agus geo-eacnamaíoch ann a bhfuil tionchar aige ar bheartais chosanta, slándála (lena n-áirítear slándáil eacnamaíoch) agus imirce an Aontais. Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin sin, tá gá le buiséad de chuid an Aontais atá níos dírithe, níos simplí agus a bhfuil tionchar níos mó aige, chun breisluach an Aontais agus ailíniú soiléir idir tacaíocht airgeadais an Aontais agus tosaíochtaí beartais an Aontais ar fud na réimsí beartais agus na modhanna bainistíochta uile a áirithiú agus chun leanúint d'iarrachtaí chun rialacha maidir le tacaíocht airgeadais an Aontais a shimpliú.

Leasú 4
Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Leis na bearta lena dtacaítear le daoine agus lena neartaítear sochaithe an Aontais agus samhail shóisialta an Aontais, ba cheart rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus le baint amach a phríomhspriocanna, i gcomhréir leis na treoirlínte fostaíochta dá dtagraítear in Airteagal 148(4) CFAE, trí thacú le tionscadail i réimsí beartais na fostaíochta agus na soghluaisteachta lucht saothair, na forbartha scileanna, an oideachais, an chuimsithe shóisialta agus laghdú na bochtaineachta, agus dá bhrí sin, ba cheart rannchuidiú le hathléimneacht agus le hiomaíochas an Aontais a neartú. Ba cheart é a bheith d'aidhm acu comhdheiseanna, rochtain chomhionann ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma agus ardcháilíochta, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta a áirithiú, ag díriú go háirithe ar an soláthar saothair a fheabhsú, oideachas agus oiliúint ardcháilíochta agus chuimsitheach, foghlaim ar feadh an tsaoil agus tacaíocht ábhartha do na daoine is díothaí a áirithiú, agus bearnaí atá ann cheana a dhúnadh, lena n-áirítear bearnaí idir na hinscní. Leis na bearta, ba cheart tacú le hinfheistíochtaí i leanaí agus i ndaoine óga, i bpobail imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste, i náisiúnaigh tríú tír, agus ba cheart rochtain chomhionann ar sheirbhísí a áirithiú. Ba cheart rannchuidiú freisin le hathléimneacht na gcóras cúraim sláinte agus na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a neartú, tacú le tithíocht shóisialta agus inacmhainne agus díriú ar aistriú atá cothrom go sóisialta i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach, agus aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ó iompar de bhóthar a áireamh faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.	(17) Leis na bearta lena dtacaítear le daoine agus lena neartaítear sochaithe an Aontais agus samhail shóisialta an Aontais, ba cheart rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus le baint amach a phríomhspriocanna, i gcomhréir leis na treoirlínte fostaíochta dá dtagraítear in Airteagal 148(4) CFAE, trí thacú le tionscadail i réimsí beartais na fostaíochta agus shoghluaisteacht an lucht saothair, na forbartha scileanna, an oideachais, an chuimsithe shóisialta agus laghdú na bochtaineachta, agus lena neartaítear, dá bhrí sin, athléimneacht agus iomaíochas an Aontais***, lena n-áirítear trí ualaí riaracháin a laghdú agus trí rochtain na FBManna ar chistiú agus bearta tacaíochta a éascú.*** Ba cheart é a bheith d'aidhm acu comhdheiseanna, rochtain chomhionann ar an margadh saothair, dálaí oibre cothroma agus ardcháilíochta, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta a áirithiú, ag díriú go háirithe ar an soláthar saothair a fheabhsú, oideachas agus oiliúint ardcháilíochta agus chuimsitheach, foghlaim ar feadh an tsaoil agus tacaíocht ábhartha do na daoine is díothaí a áirithiú, agus bearnaí atá ann cheana a dhúnadh, lena n-áirítear bearnaí idir na hinscní. Leis na bearta, ba cheart tacú le hinfheistíochtaí i leanaí agus i ndaoine óga, i bpobail imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste, i náisiúnaigh tríú tír, agus ba cheart rochtain chomhionann ar sheirbhísí a áirithiú. Ba cheart rannchuidiú freisin le hathléimneacht na gcóras cúraim sláinte agus na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a neartú, tacú le tithíocht shóisialta agus inacmhainne agus díriú ar aistriú atá cothrom go sóisialta i dtreo na haeráidneodrachta a bhaint amach, agus aghaidh a thabhairt ar na tionchair shóisialta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh agus ó iompar de bhóthar a áireamh faoi raon feidhme

Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Leasú 5
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Chun an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint agus a neartú agus chun luachanna an Aontais a chaomhnú, ba cheart tacaíocht a dhíriú ar shochaithe oscailte, cearta-bhunaithe, daonlathacha, comhionanna agus cuimsitheacha a chothú agus a fhorbairt a thuilleadh agus ar chórais cheartais, creataí frithéillithe, iolrachas na meán agus srianta agus ceartúcháin éifeachtacha a neartú. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na bearta freisin rannchuidiú le rialachas níos fearr trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí, lena n-áirítear údaráis bhreithiúnacha, agus ar acmhainneacht institiúideach na n-údarás poiblí agus na bpáirtithe leasmhara sna Ballstáit, i réigiúin agus i bpobail áitiúla. Leis sin, ba cheart éifeachtúlacht agus éifeachtacht na mbeart a dtacaítear leo a fheabhsú. Chun a áirithiú go gcuirfear gné shóisialta na hEorpa ar aghaidh mar a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta í agus go ndíreofar méid leordhóthanach acmhainní ar na daoine is mó atá i ngátar, ba cheart do na Ballstáit acmhainní a leithdháileadh ar chothú an chuimsithe shóisialta. Mar gheall ar an ngá ar leith atá ann tacú le leanaí faoi bhochtaineacht, ba cheart do na Ballstáit acmhainní a chlárú freisin chun aghaidh a thabhairt ar na bearta faoin Ráthaíocht do Leanaí. I bhfianaise na n-ardleibhéal leanúnach dífhostaíochta agus neamhghníomhaíochta i measc na hóige i roinnt Ballstát agus réigiún, go háirithe na daoine óga sin nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna, tá sé riachtanach go leanfaidh na Ballstáit sin d'acmhainní leordhóthanacha a infheistiú i	(20) Chun an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint agus a neartú agus chun luachanna an Aontais a chaomhnú, ba cheart tacaíocht a dhíriú ar shochaithe oscailte, cearta-bhunaithe, daonlathacha, comhionanna agus cuimsitheacha a chothú agus a fhorbairt a thuilleadh agus ar chórais cheartais, creataí frithéillithe, ***saoirse agus*** iolrachas na meán agus srianta agus ceartúcháin éifeachtacha a neartú. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na bearta freisin rannchuidiú le rialachas níos fearr trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht an riaracháin phoiblí, lena n-áirítear údaráis bhreithiúnacha, agus ar acmhainneacht institiúideach na n-údarás poiblí agus na bpáirtithe leasmhara sna Ballstáit, i réigiúin agus i bpobail áitiúla. Leis sin, ba cheart éifeachtúlacht agus éifeachtacht na mbeart a dtacaítear leo a fheabhsú. Chun a áirithiú go gcuirfear gné shóisialta na hEorpa ar aghaidh mar a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta í agus go ndíreofar méid leordhóthanach acmhainní ar na daoine is mó atá i ngátar, ba cheart do na Ballstáit acmhainní a leithdháileadh ar chothú an chuimsithe shóisialta. Mar gheall ar an ngá ar leith atá ann tacú le leanaí faoi bhochtaineacht, ba cheart do na Ballstáit acmhainní a chlárú freisin chun aghaidh a thabhairt ar na bearta faoin Ráthaíocht do Leanaí. I bhfianaise na n-ardleibhéal leanúnach dífhostaíochta agus neamhghníomhaíochta i measc na hóige i roinnt Ballstát agus réigiún, go háirithe na daoine óga sin nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna, tá sé riachtanach go leanfaidh na Ballstáit sin d'acmhainní leordhóthanacha a infheistiú i

mbearta chun an fhostaíocht don aos óg a chur chun cinn, go háirithe tríd an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit méid iomchuí acmhainní a leithdháileadh ar an dúshlán sin. Na Ballstáit a ndéanann an dífhostaíocht i measc na hóige difear tromchúiseach dóibh, ba cheart dóibh acmhainní CSE a leithdháileadh chun tacú le hinfhostaitheacht na hóige.

mbearta chun an fhostaíocht don aos óg a chur chun cinn, go háirithe tríd an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit méid iomchuí acmhainní a leithdháileadh ar an dúshlán sin. Na Ballstáit a ndéanann an dífhostaíocht i measc na hóige difear tromchúiseach dóibh, ba cheart dóibh acmhainní CSE a leithdháileadh chun tacú le hinfhostaitheacht na hóige.

Leasú 6
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(25) Is é is aidhm do na Pleananna CNR luach ard ar airgead a áirithiú trí íocaíochtaí a dhéanamh ón gCoimisiún leis na Ballstáit ar choinníoll go mbainfear amach aschuir agus go gcomhlíonfar na coinníollacha a comhaontaíodh, gan beann ar fhoirm na haisíocaíochta ó na Ballstáit le tairbhithe. Trí eisíocaíochtaí a nascadh le garspriocanna, spriocanna agus aschuir chomhaontaithe agus réamhshocraithe lena gcumhdaítear saolré iomlán an bhirt a dtacaítear leis, rannchuideofar le rialtacht na n-íocaíochtaí leis na Ballstáit. Chun an próiseas sin a éascú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann iarratais ar íocaíocht a chur isteach suas le sé huaire sa bhliain. Chun maoiniú a shimpliú agus chun an t-ualach riaracháin ar thairbhithe a laghdú, moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as an gcineál céanna aisíocaíochta a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh íocaíochtaí ón gCoimisiún leis na Ballstáit nó as scálaí caighdeánacha costas aonaid, cnapshuimeanna nó rátaí comhréidhe.

Leasú

(25) Is é is aidhm do na Pleananna CNR luach ard ar airgead a áirithiú trí íocaíochtaí a dhéanamh ón gCoimisiún leis na Ballstáit ar choinníoll go mbainfear amach aschuir agus go gcomhlíonfar na coinníollacha a comhaontaíodh, gan beann ar fhoirm na haisíocaíochta ó na Ballstáit le tairbhithe. Trí eisíocaíochtaí a nascadh le garspriocanna, spriocanna agus aschuir chomhaontaithe agus réamhshocraithe lena gcumhdaítear saolré iomlán an bhirt a dtacaítear leis, rannchuideofar le rialtacht na n-íocaíochtaí leis na Ballstáit. ***Tá sé tábhachtach garspriocanna agus spriocanna a shainiú go soiléir agus go beacht chun soiléireacht a sholáthar maidir leis na coinníollacha faoina meastar iad a bheith comhlíonta, chun fíorú oibiachtúil a chumasú, agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú sa phróiseas eisíocaíochta.*** Chun an próiseas sin a éascú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann iarratais ar íocaíocht a chur isteach suas le sé huaire sa bhliain. Chun maoiniú a shimpliú agus chun an t-ualach riaracháin ar thairbhithe a laghdú, moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as an gcineál céanna aisíocaíochta a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh íocaíochtaí ón gCoimisiún leis na Ballstáit nó as scálaí caighdeánacha

costas aonaid, cnapshuimeanna nó rátaí comhréidhe.

Leasú 7
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Ba cheart coimircí láidre a áireamh sa Rialachán seo chun a áirithiú go gcuirtear an Ciste chun feidhme ar bhealach lena n-áirithítear urraim do na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus prionsabail an smachta reachta mar a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Dá bhrí sin, mar chuid de phróiseas bailíochtaithe a bPleananna CNR, ba cheart do na Ballstáit dearbhú a thabhairt maidir le comhlíonadh an dá choinníoll chothrománacha sin, agus easnaimh fhéideartha agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a shainaithint bunaithe, go háirithe, ar na dúshláin thírshonracha a sainaithníodh i gcomhthéacs na Tuarascála maidir leis an Smacht Reachta agus an tSeimeastair Eorpaigh, chomh maith le himeachtaí um shárú agus breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ba cheart a cheangal ar na Ballstáit uile athbhreithniú a dhéanamh ar a bPleananna CNR ***leath bealaigh tríd*** an gcur chun feidhme, ***mar chuid den athbhreithniú meántéarma,*** chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh nua a sainaithníodh, go háirithe, i gcomhthéacs na Tuarascála is déanaí maidir leis an Smacht Reachta. Tráth ar bith le linn an chur chun feidhme agus tar éis malartuithe leis an mBallstát lena mbaineann, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann bac a chur ar chuid de na híocaíochtaí a dhéantar le Ballstát, nó ar na híocaíochtaí sin ar fad, mura gcomhlíontar ceann amháin nó níos	(27) Ba cheart coimircí láidre a áireamh sa Rialachán seo chun a áirithiú go gcuirtear an Ciste chun feidhme ar bhealach lena n-áirithítear urraim do na cearta, na saoirsí agus na prionsabail a leagtar amach sa Chairt agus prionsabail ***an daonlathais agus*** an smachta reachta mar a leagtar amach in ***Airteagal 2 CAE agus a shonraítear, go háirithe, in*** Airteagal 2(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Dá bhrí sin, mar chuid de phróiseas bailíochtaithe a bPleananna CNR, ba cheart do na Ballstáit dearbhú a thabhairt maidir le comhlíonadh an dá choinníoll chothrománacha sin, agus easnaimh fhéideartha agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a shainaithint bunaithe, go háirithe, ar na dúshláin thírshonracha a sainaithníodh i gcomhthéacs na Tuarascála maidir leis an Smacht Reachta agus an tSeimeastair Eorpaigh, chomh maith le himeachtaí um shárú agus breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Ba cheart a cheangal ar na Ballstáit uile athbhreithniú a dhéanamh ar a bPleananna CNR ***ar bhonn bliantúil le linn*** a gcur chun feidhme, ***chun*** aghaidh a thabhairt ar aon easnamh nua a sainaithníodh, go háirithe, i gcomhthéacs na Tuarascála is déanaí maidir leis an Smacht Reachta. ***Ba cheart, i gcás inarb iomchuí, go molfaí leasuithe ar Phleananna CNR mar thoradh ar an athbhreithniú sin chun a n-éifeachtacht leanúnach, comhlíonadh Airteagal 2 CAE, agus ailíniú le dúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn a áirithiú. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún a mholtaí a aistriú ina***

mó de choinníollacha cothrománacha an Smachta Reachta agus na Cairte. Agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na comhréireachta, le cinneadh an neamhchomhlíonta agus le sainaithint na mbeart sonrach lena mbaineann ba cheart tionchar iarbhír nó tionchar féideartha an neamhchomhlíonta ar bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais a chur san áireamh chomh maith le cineál, fad, tromchúis agus raon feidhme an tsáraithe.

gceanglais nithiúla agus oibríochtúla, agus na hathruithe sonracha is gá ar na Pleananna CNR á sainaithint, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, bearta spriocdhírithe, garspriocanna agus amlínte dá bpróiseas cur chun feidhme. Tráth ar bith le linn an chur chun feidhme agus tar éis malartuithe leis an mBallstát lena mbaineann, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann bac a chur ar chuid de na híocaíochtaí a dhéantar le Ballstát, nó ar na híocaíochtaí sin ar fad, mura gcomhlíontar ceann amháin nó níos mó de choinníollacha cothrománacha an Smachta Reachta agus na Cairte. Agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na comhréireachta, le cinneadh an neamhchomhlíonta agus le sainaithint na mbeart sonrach lena mbaineann ba cheart tionchar iarbhír nó tionchar féideartha an neamhchomhlíonta ar bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais a chur san áireamh chomh maith le cineál, fad, tromchúis agus raon feidhme an tsáraithe.

---

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj)

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj)

Leasú 8
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(27a) Is bunchloch de shochaithe daonlathacha iad na meáin neamhspleácha iolraíocha agus is príomhghné den smacht reachta iad. Tá ról ríthábhachtach acu maidir le hathléimneacht dhaonlathach a chosaint, lena n-áirítear tríd an mbréagaisnéis agus

an cur isteach eachtrach a chomhrac. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtacaíonn bearta a áirítear ina bPleananna CNR le hiolrachas agus neamhspleáchas na meán, lena n-áirítear trí shamhlacha cistiúcháin cobhsaí intuartha agus cosaint ar chur isteach polaitiúil agus eacnamaíoch.

Leasú 9
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(27b) Chun trédhearcacht a áirithiú agus chun gur féidir formhaoirseacht pharlaiminteach éifeachtach a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chiste, ba cheart don Choimisiún faisnéis thráthúil chuimsitheach a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa maidir leis na coinníollacha cumasúcháin cothrománacha.

Leasú 10
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(27c) I gcás ina ndéantar cistí a shaoradh toisc nár urramaigh Ballstát luachanna Airteagal 2 CAE, tá sé ríthábhachtach nach ngearrfar pionós éagórach ar an bpobal áitiúil ná ar an tsochaí shibhialta. Dá bhrí sin, ba cheart sásraí a bhunú chun a áirithiú go ndéanfar acmhainní forghéillte a atreorú chuig tairbhithe neamhrialtasacha agus chuig eagraíochtaí na sochaí sibhialta laistigh den Bhallstát céanna, lena n-áiritheofar go leanfaidh tacaíocht ón Aontas de bheith á fáil acu siúd a sheasann le luachanna Eorpacha.

Leasú 11
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Ba cheart do gach Ballstát Plean CNR a chur faoi bhráid an Choimisiúin, mar riail ghinearálta, faoin 31 Eanáir 2028 ionas gur féidir é a bhreithniú go cúramach agus go tráthúil. Chun cur chun feidhme tapa an Chiste a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann dréachtphlean CNR a chur isteach ó mhí an Mheithimh 2027 ar aghaidh. Ba cheart do na Ballstáit na Pleananna CNR a dhearadh agus a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe eacnamaíocha, sóisialta agus tuaithe, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta agus leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart na Pleananna CNR a dhearadh i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus ba cheart iad a ullmhú i gcomhréir leis an teimpléad arna sholáthar agus arna chur ar fáil go poiblí tar éis don Chomhairle iad a ghlacadh ar bhonn mheasúnú an Choimisiúin agus an togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle. I gcomhréir leis na socruithe atá ann faoi láthair, beidh an deis ag na Ballstáit caibidlí réigiúnacha agus críochacha a áireamh ina bPlean CNR agus ba cheart a cheangal orthu a áirithiú go bhfaighidh na húdaráis bhainistíochta réigiúnacha íocaíochtaí tráthrialta, bunaithe ar dhul chun cinn a mbeart lena mbaineann, agus méid atá coibhéiseach ar a laghad lena ranníocaíocht ón Aontas faoi dheireadh na tréimhse, faoi réir ceartuithe a d'fhéadfadh teacht as cur chun feidhme a gcaibidle nó a gcaibidlí lena mbaineann. Chun rialachas éifeachtach an Phlean CNR a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit coistí faireacháin a chur ar bun le haghaidh na gcaibidlí agus coiste comhordaithe a bhunú	(29) Ba cheart do gach Ballstát Plean CNR a chur faoi bhráid an Choimisiúin, mar riail ghinearálta, faoin 31 Eanáir 2028 ionas gur féidir é a bhreithniú go cúramach agus go tráthúil. Chun cur chun feidhme tapa an Chiste a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann dréachtphlean CNR a chur isteach ó mhí an Mheithimh 2027 ar aghaidh. ***Chun rannpháirtíocht fhóinteach na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile a áirithiú,*** ba cheart do na Ballstáit na Pleananna CNR a dhearadh agus a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe eacnamaíocha, sóisialta agus tuaithe, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta agus leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart na Pleananna CNR a dhearadh i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus ba cheart iad a ullmhú i gcomhréir leis an teimpléad arna sholáthar agus arna chur ar fáil go poiblí tar éis don Chomhairle iad a ghlacadh ar bhonn mheasúnú an Choimisiúin agus an togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle. ***Chun measúnú comhsheasmhach, trédhearcach agus cothrom ar Phleananna CNR, ar iarrataí ar íocaíocht agus ar éachtaí tuairiscithe a áirithiú, ba cheart don Choimisiún modheolaíochtaí soiléire, comhchuibhithe agus a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach a chur i bhfeidhm agus treoir iomchuí a sholáthar do na Ballstáit, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna a fhíorú agus cistiú dúbailte a sheachaint***. I gcomhréir leis na socruithe atá ann faoi láthair, beidh an deis ag na Ballstáit caibidlí réigiúnacha agus críochacha a áireamh ina bPlean CNR agus

ar leibhéal an Phlean CNR.

ba cheart a cheangal orthu a áirithiú go bhfaighidh na húdaráis bhainistíochta réigiúnacha íocaíochtaí tráthrialta, bunaithe ar dhul chun cinn a mbeart lena mbaineann, agus méid atá coibhéiseach ar a laghad lena ranníocaíocht ón Aontas faoi dheireadh na tréimhse, faoi réir ceartuithe a d'fhéadfadh teacht as cur chun feidhme a gcaibidle nó a gcaibidlí lena mbaineann. Chun rialachas éifeachtach an Phlean CNR a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit coistí faireacháin a chur ar bun le haghaidh na gcaibidlí agus coiste comhordaithe a bhunú ar leibhéal an Phlean CNR.

Leasú 12
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Chun an úinéireacht náisiúnta a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit ar mian leo tacaíocht a fháil Pleananna CNR a bhfuil réasúnú agus bunús cuí leo a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart a shonrú sna Pleananna CNR conas a rannchuidíonn sé go cuimsitheach le cuspóirí uile an Chiste, agus dúshláin shonracha náisiúnta, réigiúnacha agus chríochacha an Bhallstáit lena mbaineann á gcur san áireamh. Ba cheart a áireamh ann freisin míniú ar an gcaoi a rannchuidíonn sé le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin thírshonracha ábhartha arna sainaithint, inter alia, i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus doiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún a bhaineann leis na cuspóirí a dtacaíonn an Ciste leo, agus ar an gcaoi a rannchuidíonn sé le comhlánú an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe trí athchóirithe, infheistíochtaí agus idirghabhálacha eile lena mbaineann gné thrasteorann, thrasnáisiúnta nó ilnáisiúnta a chur san áireamh. Chun iomaíochas an Aontais a neartú in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo agus a	(30) Chun an úinéireacht náisiúnta a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit ar mian leo tacaíocht a fháil Pleananna CNR a bhfuil réasúnú agus bunús cuí leo a chur faoi bhráid an Choimisiúin. ***Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go rachfar i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha le linn ullmhú agus chur chun feidhme na bPleananna sin.*** Ba cheart a shonrú sna Pleananna CNR conas a rannchuidíonn sé go cuimsitheach le cuspóirí uile an Chiste, agus dúshláin shonracha náisiúnta, réigiúnacha agus chríochacha an Bhallstáit lena mbaineann á gcur san áireamh. Ba cheart a áireamh ann freisin míniú ar conas a rannchuidíonn sé le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin thírshonracha ábhartha arna sainaithint, *inter alia,* i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ***agus na tuarascála maidir leis an Smacht Reachta, na dtuarascálacha ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, dlí-eolaíocht ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine agus ó chúirteanna nó ó bhinsí náisiúnta,***

áirithiú san am céanna nach gcuirfear an cothrom iomaíochta i mbaol, ba cheart tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta a áireamh sna Pleananna CNR, go háirithe Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna) lena ndírítear ar thaighde, ar fhorbairt, ar nuálaíocht nó ar an gcéad chur in úsáid tionsclaíoch nó ar bhonneagar tábhachtach atá oscailte lena úsáid ag tríú páirtithe a thógáil, agus na hanailísí dá bhforáiltear sa Tuarascáil Bhliantúil is déanaí maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas á gcur san áireamh go háirithe. Ba cheart do na Ballstáit acmhainní a dhíriú faoina bPleananna ar éagothromaíochtaí eacnamaíocha sóisialta agus críochacha a laghdú, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha. Ba cheart dóibh tacú freisin leis an athnuachan ó ghlúin go glúin, le bearta sóisialta agus le táirgeadh rathúil iascaigh agus dobharshaothraithe.

imeachtaí um shárú atá ar siúl nó atá tugtha i gcrích de bhun Airteagail 258 go 260 CFAE, moltaí agus torthaí arna n-eisiúint ag comhlachtaí idirnáisiúnta i réimse chearta an duine, moltaí agus torthaí arna n-eisiúint ag comhlachtaí idirnáisiúnta i réimse an smachta reachta
agus doiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún a bhaineann leis na cuspóirí a fhaigheann tacaíocht ón gCiste, agus conas a rannchuidíonn sé leis an margadh inmheánach a chur i gcrích, go háirithe trí athchóirithe, infheistíochtaí agus idirghabhálacha eile a bhfuil gné thrasteorann, thrasnáisiúnta nó ilnáisiúnta ag baint leo a chur san áireamh. Chun iomaíochas an Aontais a neartú in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo agus a áirithiú san am céanna nach gcuirfear an cothrom iomaíochta i mbaol, ba cheart tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta a áireamh sna Pleananna CNR, go háirithe Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEInna) lena ndírítear ar thaighde, ar fhorbairt, ar nuálaíocht nó ar an gcéad chur in úsáid tionsclaíoch nó ar bhonneagar tábhachtach atá oscailte lena úsáid ag tríú páirtithe a thógáil, agus na hanailísí dá bhforáiltear sa Tuarascáil Bhliantúil is déanaí maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas á gcur san áireamh go háirithe. Ba cheart do na Ballstáit acmhainní a dhíriú faoina bPleananna ar éagothromaíochtaí eacnamaíocha sóisialta agus críochacha a laghdú, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha. Ba cheart dóibh tacú freisin leis an athnuachan ó ghlúin go glúin, le bearta sóisialta agus le táirgeadh rathúil iascaigh agus dobharshaothraithe.

Leasú 13
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(37) Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit iarraidh réasúnaithe a dhéanamh chun an Plean CNR a leasú laistigh de thréimhse chur chun feidhme an Chiste. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht an Phlean CNR leasaithe leis an Rialachán seo ar bhealach atá comhréireach leis na hathruithe atá beartaithe. Chun ualach riaracháin iomarcach a sheachaint, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann mionchoigeartuithe a dhéanamh nó earráidí cléireachais sna Pleananna CNR a cheartú, trí fhógra simplí a thabhairt don Choimisiún faoi na hathruithe sin, ar choinníoll go gcomhlíonann na leasuithe sin ceanglais an Phlean CNR.

(37) Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit iarraidh réasúnaithe a dhéanamh chun an Plean CNR a leasú laistigh de thréimhse chur chun feidhme an Chiste. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht an Phlean CNR leasaithe leis an Rialachán seo ar bhealach atá comhréireach leis na hathruithe atá beartaithe. Chun ualach riaracháin iomarcach a sheachaint, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann mionchoigeartuithe a dhéanamh nó earráidí cléireachais sna Pleananna CNR a cheartú, trí fhógra simplí a thabhairt don Choimisiún faoi na hathruithe sin, ar choinníoll go gcomhlíonann na leasuithe sin ceanglais an Phlean CNR. ***I gcás inar sainaithníodh gnéithe ábhartha a dhéanann difear do chur chun feidhme éifeachtach an Phlean CNR a mhéid a bhaineann leis an smacht reachta, lena n-áirítear i gcomhthéacs na Tuarascála is déanaí maidir leis an Smacht Reachta, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann leasuithe ar a Phlean CNR a chur isteach agus, i gcás inarb iomchuí, modhnuithe nithiúla a mholadh chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú.***

Leasú 14
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Ba cheart do gach Ballstát athbhreithniú meántéarma a dhéanamh ar a Phlean CNR. Leis an athbhreithniú sin, ba cheart leasú iomlán beartaithe ar an bPlean CNR a sholáthar bunaithe ar an dul chun cinn maidir le bearta a chur chun feidhme, ar phríomhthorthaí na meastóireachtaí ábhartha agus ar athbhreithniú ar chostais mheasta iomlána na mbeart a chumhdaítear leis an bPlean CNR, agus ba cheart an deis a thabhairt an tráth céanna dúshláin nua a chur san áireamh chomh maith le haon	(38) Ba cheart do gach Ballstát athbhreithniú meántéarma a dhéanamh ar a Phlean CNR. Leis an athbhreithniú sin, ba cheart leasú iomlán beartaithe ar an bPlean CNR a sholáthar bunaithe ar an dul chun cinn maidir le bearta a chur chun feidhme, ar phríomhthorthaí na meastóireachtaí ábhartha agus ar athbhreithniú ar chostais mheasta iomlána na mbeart a chumhdaítear leis an bPlean CNR, agus ba cheart an deis a thabhairt an tráth céanna dúshláin nua a chur san áireamh chomh maith le haon

ghéarchéim a tharlaíonn. Chun críocha an athbhreithnithe meántéarma, ba cheart staid shocheacnamaíoch an Bhallstáit nó an réigiúin lena mbaineann, lena n-áirítear aon mhórfhorbairt dhiúltach airgeadais, eacnamaíoch nó shóisialta, a chur san áireamh freisin. Ba cheart a áireamh sa Phlean CNR leasaithe arna chur isteach ag an mBallstát tar éis an athbhreithnithe meántéarma togra maidir le clárú an mhéid solúbthachta agus bearta athscrúdaithe nó nua mar aon lena gcostais mheasta agus a ngarspriocanna agus spriocanna comhfhreagracha.	ghéarchéim a tharlaíonn. Chun críocha an athbhreithnithe meántéarma, ba cheart staid shocheacnamaíoch an Bhallstáit nó an réigiúin lena mbaineann, lena n-áirítear aon mhórfhorbairt dhiúltach airgeadais, eacnamaíoch nó shóisialta, a chur san áireamh freisin***, chomh maith le dúshláin agus moltaí arna sainaithint in ionstraimí ábhartha an Aontais, lena n-áirítear an Seimeastar Eorpach agus an Tuarascáil is déanaí ar an Smacht Reachta***. Ba cheart a áireamh sa Phlean CNR leasaithe arna chur isteach ag an mBallstát tar éis an athbhreithnithe meántéarma togra maidir le clárú an mhéid solúbthachta agus bearta athscrúdaithe nó nua mar aon lena gcostais mheasta agus a ngarspriocanna agus spriocanna comhfhreagracha. ***Chun comhsheasmhacht agus inchomparáideacht a áirithiú, ba cheart don Choimisiún íoscheanglais maidir le hábhar, struchtúr agus modheolaíocht na n-athbhreithnithe meántéarma a bhunú. Leis na ceanglais sin, ba cheart tuairisciú caighdeánaithe agus infhaighteacht torthaí meastóireachta stóinsithe tráthúla a áirithiú.***
Leasú 15 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 46 a (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(46a) Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit calaois agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhlíthiúla eile a dhéanann díobháil do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac trí bhearta iomchuí a thabharfaidh cosaint éifeachtúil sna Ballstáit agus in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i ngníomhaireachtaí an Aontais.
Leasú 16 **Togra le haghaidh rialacháin**	

Aithris 51 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(51a) Chun trédhearcacht a áirithiú agus chun gur féidir formhaoirseacht pharlaiminteach éifeachtach a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chiste, ba cheart don Choimisiún faisnéis thráthúil chuimsitheach a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha a bhaineann leis an smacht reachta, an daonlathas agus an Chairt faoin Rialachán seo.

Leasú 17
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 52

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(52) Chun leasanna airgeadais ***agus buiséad*** an Aontais a chosaint, ba cheart bearta comhréireacha a bhunú agus a chur chun feidhme ar leibhéal na mBallstát agus an Choimisiúin. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann sprioc-amanna íocaíochta a bhriseadh, íocaíochtaí a chur ar fionraí agus ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha. Ba cheart don Choimisiún prionsabal na comhréireachta a urramú trí chineál, tromchúis agus minicíocht na neamhrialtachtaí agus na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leo do bhuiséad an Aontais a chur san áireamh. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (6), agus Rialacháin (CE, Euratom) Uimh. 2988/95(7), (Euratom, CE) Uimh. 2185/96(8), agus (AE) 2017/1939 ón gComhairle(9), déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath, a	(52) Chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ba cheart bearta comhréireacha a bhunú agus a chur chun feidhme ar leibhéal na mBallstát agus an Choimisiúin. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann sprioc-amanna íocaíochta a bhriseadh, íocaíochtaí a chur ar fionraí agus ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha. Ba cheart don Choimisiún prionsabal na comhréireachta a urramú trí chineál, tromchúis agus minicíocht na neamhrialtachtaí agus na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leo do bhuiséad an Aontais a chur san áireamh. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[(6)], agus Rialacháin (CE, Euratom) Uimh. 2988/95[(7)], (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[(8)], agus (AE) 2017/1939[(9)] ón gComhairle, ***agus Treoir (AE) 2017/1371***, déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le calaois, éilliú agus

cheartú agus a imscrúdú, agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin a fhorchur. Go sonrach, i gcomhréir le Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, tá sé de chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, tá Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) inniúil chun calaois agus coireanna eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, rud a ndéantar foráil maidir leis i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór d'aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), agus a áirithiú go ndéanfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha a dheonú. Ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt go pras don Choimisiún maidir le neamhrialtachtaí a bhraitear, agus maidir le haon ghníomhaíocht leantach a rinne siad i dtaca le neamhrialtachtaí den sórt sin agus maidir le haon imscrúdú de chuid OLAF. Údaráis inniúla na mBallstát atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, ba cheart dóibh aon iompar coiriúil, a bhféadfadh sé a inniúlacht a fheidhmiú ina leith, a thuairisciú do OIPE gan moill mhíchuí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939.

coinbhleachtaí leasa ***agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais*** a chosc, a bhrath, a cheartú, a imscrúdú ***agus a ionchúiseamh***, agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin ***agus choiriúla*** a fhorchur. Go sonrach, i gcomhréir le Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, tá sé de chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, tá Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) inniúil chun calaois agus coireanna eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, rud a ndéantar foráil maidir leis i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór d'aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), agus a áirithiú go ndéanfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha a dheonú. Ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt go pras don Choimisiún maidir le neamhrialtachtaí a bhraitear, agus maidir le haon ghníomhaíocht leantach a rinne siad i dtaca le neamhrialtachtaí den sórt sin agus maidir le haon imscrúdú de chuid OLAF. Údaráis inniúla na mBallstát atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, ba cheart dóibh aon iompar coiriúil, a bhféadfadh sé a inniúlacht a fheidhmiú ina leith, a thuairisciú do OIPE gan moill mhíchuí i

gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939.

Leasú 18
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 52 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(52a) I gcomhréir le prionsabail na hoscailteachta agus na trédhearcachta a chumhdaítear in Airteagal 10(3) CAE agus in Airteagal 15(1) CFAE, ba cheart an próiseas chun cistí de chuid an Aontais a chur ar fionraí agus a scaoileadh a bheith faoi réir grinnscrúdú poiblí. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach na critéir shonracha maidir le scaoileadh cistí reoite, chomh maith leis na measúnuithe ón gCoimisiún ina dhiaidh sin, a chur ar fáil go poiblí. Ba cheart na nósanna imeachta sin a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla, lena n-áiritheofar nach scaoilfear cistí go dtí go mbeidh sé léirithe go hinfhíoraithe ag Ballstát go bhfuil athchóirithe fóinteacha curtha chun feidhme agus go bhfuil an smacht reachta á chomhlíonadh go marthanach.

Leasú 19
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 55

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(55) Na nósanna imeachta maidir le roghnú oibríochtaí arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit, is féidir leo a bheith iomaíoch nó neamhiomaíoch ar choinníoll go bhfuil na critéir a chuirtear i bhfeidhm agus na nósanna imeachta a úsáidtear neamh-idirdhealaitheach, cuimsitheach, inrochtana nuair is iomchuí do dhaoine faoi mhíchumas agus trédhearcach, agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh á cur san áireamh, agus ar choinníoll go ndéanann na hoibríochtaí a	(55) Na nósanna imeachta maidir le roghnú oibríochtaí arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit, is féidir leo a bheith iomaíoch nó neamhiomaíoch ar choinníoll go bhfuil na critéir a chuirtear i bhfeidhm agus na nósanna imeachta a úsáidtear neamh-idirdhealaitheach, cuimsitheach, inrochtana nuair is iomchuí do dhaoine faoi mhíchumas agus trédhearcach, agus an Chairt ***agus na luachanna atá cumhdaithe in Airteagal 2 CAE*** á gcur san áireamh, agus ar choinníoll go ndéanann na

roghnaítear ranníocaíocht an chistithe ón Aontas a uasmhéadú agus go mbíonn siad i gcomhréir leis na prionsabail chothrománacha a shainítear sa Rialachán seo.

hoibríochtaí a roghnaítear ranníocaíocht an chistithe ón Aontas a uasmhéadú agus go mbíonn siad i gcomhréir leis na prionsabail chothrománacha a shainítear sa Rialachán seo.

Leasú 20
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 56

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(56) D'fhonn prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go leanfaidh méid chostais mheasta iomlána a bPlean CNR de bheith réasúnta agus inchreidte le linn a chur chun feidhme agus ba cheart dóibh leasú ar a bPlean CNR a iarraidh i gcás inar gá. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag samhail seachadta an Chiste intuarthacht agus comhsheasmhacht a sholáthar idir leibhéil íocaíochta agus luas cur chun feidhme aonair gach birt trí luachanna íocaíochta amach *ex ante* a shannadh do gach garsprioc agus sprioc. Thairis sin, ba cheart don Bhallstát athbhreithniú a dhéanamh ar chostais mheasta iomlána na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí agus idirghabhálacha eile a chumhdaítear leis an bPlean CNR mar chuid den athbhreithniú meántéarma agus ba cheart coigeartuithe comhfhreagracha a dhéanamh nuair atá údar cuí leis. Ina theannta sin, agus a phacáiste dearbhaithe bliantúil deiridh don bhliain airgeadais dheireanach á chur isteach, ba cheart don Bhallstát a dheimhniú nach mó na híocaíochtaí iomlána ón gCoimisiún ná an méid iomlán a d'íoc an Ballstát leis na tairbhithe agus an Plean á chur chun feidhme, agus an ranníocaíocht náisiúnta á cur san áireamh. Ar na cúiseanna céanna a bhaineann le bainistíocht fhónta airgeadais, ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún méideanna a íocadh roimhe sin ar chéimeanna eatramhacha birt a aisghabháil mura gcomhlíontar garsprioc nó sprioc deiridh	(56) D'fhonn prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go leanfaidh méid chostais mheasta iomlána a bPlean CNR de bheith réasúnta agus inchreidte le linn a chur chun feidhme agus ba cheart dóibh leasú ar a bPlean CNR a iarraidh i gcás inar gá. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag samhail seachadta an Chiste intuarthacht agus comhsheasmhacht a sholáthar idir leibhéil íocaíochta agus luas cur chun feidhme aonair gach birt trí luachanna íocaíochta amach *ex ante* a shannadh do gach garsprioc agus sprioc ***roimh ré, agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil eisíocaíochtaí coinníollach ar a bhfuil bainte amach a bheith fíoraithe agus go léiríonn siad dul chun cinn iarbhír an chur chun feidhme. Ba cheart don Choimisiún modheolaíochtaí soiléire agus comhchuibhithe a bhunú chun garspriocanna, spriocanna agus bonnlínte a shocrú, chun luach ar airgead ó chistiú ón Aontas, fíorú oibiachtúil ar a bhfuil bainte amach agus leibhéal comhsheasmhach uaillmhéine i measc na mBallstát a áirithiú.*** Thairis sin, ba cheart don Bhallstát athbhreithniú a dhéanamh ar chostais mheasta iomlána na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí agus idirghabhálacha eile a chumhdaítear leis an bPlean CNR mar chuid den athbhreithniú meántéarma agus ba cheart coigeartuithe comhfhreagracha a dhéanamh nuair atá údar cuí leis. Ina theannta sin, agus a phacáiste dearbhaithe bliantúil deiridh don

an bhirt ar leith agus gníomhaíocht a dhéanamh i gcás aisiompú garsprice nó sprice a tharlaíonn suas le 5 bliana tar éis dháta na híocaíochta comhfhreagraí ón gCoimisiún.

bhliain airgeadais dheireanach á chur isteach, ba cheart don Bhallstát a dheimhniú nach mó na híocaíochtaí iomlána ón gCoimisiún ná an méid iomlán a d'íoc an Ballstát leis na tairbhithe agus an Plean á chur chun feidhme, agus an ranníocaíocht náisiúnta á cur san áireamh. Ar na cúiseanna céanna a bhaineann le bainistíocht fhónta airgeadais, ba cheart cead a bheith ag an gCoimisiún méideanna a íocadh roimhe sin ar chéimeanna eatramhacha birt a aisghabháil mura gcomhlíontar garsprioc nó sprioc deiridh an bhirt ar leith agus gníomhaíocht a dhéanamh i gcás aisiompú garsprice nó sprice a tharlaíonn suas le 5 bliana tar éis dháta na híocaíochta comhfhreagraí ón gCoimisiún.

Leasú 21
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 58

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(58) Leis an gCiste Aeráide Sóisialta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023[4], saothraítear cuspóirí comhchosúla agus tacaítear le gníomhaíochtaí comhchosúla in amlíne cur chun feidhme inchomparáide. Dá bhrí sin, ba cheart na Pleananna Aeráide Sóisialta a chomhtháthú sna Pleananna CNR ó 2028 ar aghaidh. Leis sin, ba cheart a bheith in ann úsáid níos éifeachtúla a bhaint as cistí an Aontais agus tacú le cuspóirí an chiste a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí. Sheachnófaí leis sin córais agus próisis chomhchosúla a rith go comhthreomhar, rud a thabharfadh tairbhí soiléire i dtéarmaí pleanáil fheabhsaithe beartais, comhsheasmhacht beartais agus iarrachtaí simpliúcháin. Ba cheart a áirithiú leis sin freisin cur i bhfeidhm rialacha comhchoiteanna, go háirithe maidir leis an smacht reachta a urramú agus Cairt um Chearta Bunúsacha	(58) Leis an gCiste Aeráide Sóisialta a bunaíodh le Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023[4], saothraítear cuspóirí comhchosúla agus tacaítear le gníomhaíochtaí comhchosúla in amlíne cur chun feidhme inchomparáide. Dá bhrí sin, ba cheart na Pleananna Aeráide Sóisialta a chomhtháthú sna Pleananna CNR ó 2028 ar aghaidh. Leis sin, ba cheart a bheith in ann úsáid níos éifeachtúla a bhaint as cistí an Aontais agus tacú le cuspóirí an chiste a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí. Sheachnófaí leis sin córais agus próisis chomhchosúla a rith go comhthreomhar, rud a thabharfadh tairbhí soiléire i dtéarmaí pleanáil fheabhsaithe beartais, comhsheasmhacht beartais agus iarrachtaí simpliúcháin. Ba cheart a áirithiú leis sin freisin cur i bhfeidhm rialacha comhchoiteanna, go háirithe maidir leis an ***daonlathas agus*** an smacht reachta a urramú agus Cairt um

an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, agus leanfadh leithdháiltí reatha na mBallstát faoin gCiste Aeráide Sóisialta d'fheidhm a bheith acu. Ba cheart sineirgí idir infheistíochtaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo faoin gCiste don Nuachóiriú agus bearta na bPleananna a spreagadh freisin trí chlárú comhordaithe d'fhonn comhlántacht agus comhleanúnachas beartais níos fearr a áirithiú idir buiséad an Aontais agus na hacmhainní a leithdháiltear ar an gCiste don Nuachóiriú.

[4] Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 130, 16.5.2023, lch. 1).

Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, agus leanfadh leithdháiltí reatha na mBallstát faoin gCiste Aeráide Sóisialta d'fheidhm a bheith acu. Ba cheart sineirgí idir infheistíochtaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo faoin gCiste don Nuachóiriú agus bearta na bPleananna a spreagadh freisin trí chlárú comhordaithe d'fhonn comhlántacht agus comhleanúnachas beartais níos fearr a áirithiú idir buiséad an Aontais agus na hacmhainní a leithdháiltear ar an gCiste don Nuachóiriú.

[4] Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 130, 16.5.2023, lch. 1).

Leasú 22
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 61

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(61) Chun gnéithe neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le hAirteagail maidir le tacaíocht do tháirgí áitiúla talmhaíochta, iascaigh agus dobharshaothraithe, neamhrialtachtaí a thuairisciú, pionóis as maoirseacht a ríomh, sonraí a bhailiú agus a thaifeadadh, CCRR, chomh maith le hIarscríbhinní maidir le garspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh, dul chun cinn maidir le cur chun feidhme, gníomhaíochtaí an Aontais, ceartuithe airgeadais, scéim scoile an Aontais, idirghabhálacha CBT, comhar CBT. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin,

Leasú

(61) Chun gnéithe neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le hAirteagail maidir le tacaíocht do tháirgí áitiúla talmhaíochta, iascaigh agus dobharshaothraithe, neamhrialtachtaí a thuairisciú, pionóis as maoirseacht a ríomh, sonraí a bhailiú agus a thaifeadadh, CCRR, chomh maith le hIarscríbhinní maidir le garspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh, dul chun cinn maidir le cur chun feidhme, gníomhaíochtaí an Aontais, ceartuithe airgeadais, scéim scoile an Aontais, idirghabhálacha CBT, comhar CBT. ***Thairis sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean***

lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[5] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj

chuig an gCoimisiún chun neamhchomhlíonadh choinníoll cothrománach an daonlathais agus an smachta reachta nó choinníoll cothrománach na Cairte a chinneadh agus chun bearta sonracha Phlean CNR a ndéanann an neamhchomhlíonadh difear dóibh a shainaithint. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[5] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj

Leasú 23
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 64 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(64a) Institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile de chuid an Aontais, chomh maith le húdaráis inniúla na mBallstát atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, ba cheart dóibh aon iompar coiriúil, a bhféadfadh sé a inniúlacht a fheidhmiú ina leith, a thuairisciú do

OIPE gan moill mhíchuí i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2017/1939.

Leasú 24
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) an daonlathas san Aontas a chosaint agus a neartú agus luachanna an Aontais a chaomhnú i gcomhréir le hAirteagal 2 CAE.	(e) an daonlathas ***agus an smacht reachta*** san Aontas a chosaint agus a neartú agus luachanna an Aontais a chaomhnú i gcomhréir le hAirteagal 2 CAE.

Leasú 25
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) bonn tionsclaíoch an Aontais agus slabhraí soláthair athléimneacha a neartú agus borradh a chur faoi mhonaraíocht inbhuanaithe iomaíoch, go háirithe i réimsí na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta agus amhábhar criticiúil, agus aird ar leith á tabhairt ar iomaíochas fiontar beag agus meánmhéide, trí uaillmhianta comhshaoil agus aeráide a chomhtháthú go hiomlán chun dlús a chur le haistriú tionsclaíoch glan;	(ii) bonn tionsclaíoch an Aontais agus slabhraí soláthair athléimneacha a neartú agus borradh a chur faoi mhonaraíocht inbhuanaithe iomaíoch, go háirithe i réimsí na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta agus amhábhar criticiúil, ***agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais,*** agus aird ar leith á tabhairt ar iomaíochas fiontar beag agus meánmhéide, trí uaillmhianta comhshaoil agus aeráide a chomhtháthú go hiomlán chun dlús a chur le haistriú tionsclaíoch glan;

Leasú 26
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a – pointe x a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(xa) nascacht, athléimneacht agus slándáil trasteorann laistigh den Aontas a neartú, agus feabhas a chur ar

	acmhainneacht an Aontais aghaidh a thabhairt ar bhagairtí trasteorann, trí infheistíochtaí straitéiseacha agus inscálaithe a bhfuil breisluach soiléir don Aontas ag baint leo, go háirithe tionscadail mhórscála a rannchuidíonn le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, limistéar Schengen, bainistiú teorainneacha, slándáil inmheánach agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, agus ilroinnt an chistithe á seachaint agus béim níos láidre á háirithiú ar thionscadail a bhfuil tionchar suntasach acu ar iomaíochas, athléimneacht agus slándáil an Aontais;

Leasú 27
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b – fomhír 1– pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) slándáil an Aontais a neartú trí fheabhas a chur ar bhrath bagairtí, cosc bagairtí, freagairt do bhagairtí, agus na cumais chun bagairtí a bhrath, lena n-áirítear trí bhonneagar criticiúil fuinnimh agus iompair agus an chibearshlándáil a neartú;	(iii) slándáil an Aontais a neartú trí fheabhas a chur ar bhrath bagairtí, ***anailís,*** cosc bagairtí, freagairt do bhagairtí, agus na cumais chun bagairtí a bhrath, lena n-áirítear trí bhonneagar criticiúil fuinnimh agus iompair agus an chibearshlándáil a neartú; ***cur i gcoinne na bréagaisnéise agus na coireachta eagraithe trasteorann, lena n-áirítear iad siúd a thionscnaítear lasmuigh den Aontas, i ndlúthchomhar oibríochtúil le gníomhaireachtaí an Aontais;***

Leasú 28
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b – fomhír 1– pointe iii a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iiia) comhar oibríochtúil a neartú idir na Ballstáit agus gníomhaireachtaí an Aontais atá freagrach as slándáil inmheánach agus bainistiú teorainneacha trí chórais idir-inoibritheacha agus

	malartú slán sonraí, comhroinnt faisnéise fíor-ama a chumasú, éifeachtacht a fheabhsú agus freagairtí tapa comhordaithe a áirithiú i gcás bagairtí trasteorann, i gcomhréir iomlán le coimircí cosanta sonraí agus príobháideachais;

Leasú 29
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b – fomhír 2 – fleasc 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
– i Rialachán (AE) […] lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tearmann, don imirce agus don lánpháirtíocht le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034;	***scriosta***

Leasú 30
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) chun tacú le réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, ar bhealach atá go hiomlán comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar amach i Rialacháin (AE) XX […] lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don tearmann, imirce agus lánpháirtiú le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034 agus (AE) XX [...] lena mbunaítear an tacaíocht ón Aontas don bhainistiú comhtháite teorainneacha agus don bheartas víosaí Eorpach le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034;

Leasú 31
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe c – pointe vi a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(via) tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí sa digitiú, lena n-áirítear an intleacht shaorga, bonneagar sonraí slán agus nuálaíocht theicneolaíoch, mar spreagthaí don iomaíochas agus don athléimneacht dhaonlathach, i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha, lena n-áirítear na cearta chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint;

Leasú 32
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe e – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) an smacht reachta a chur chun cinn agus a chaomhnú trí chórais cheartais, creataí frithéillithe, iolrachas na meán, sláine faisnéise, litearthacht sna meáin, agus srianta agus ceartúcháin éifeachtacha a neartú;	(ii) an smacht reachta a chur chun cinn agus a chaomhnú trí ***cháilíocht agus éifeachtúlacht na*** gcóras cheartais, creataí frithéillithe, ***saoirse agus*** iolrachas na meán, sláine faisnéise, litearthacht sna meáin, agus srianta agus ceartúcháin éifeachtacha a neartú;

Leasú 33
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1 – pointe 40 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(40a) ciallaíonn 'leasanna airgeadais an Aontais' an t-ioncam, an caiteachas agus na sócmhainní uile a chumhdaítear leis na buiséid arna mbunú de bhun an Rialacháin seo, a fhaightear tríothu nó atá dlite dóibh, lena n-áirítear buiséid a mhaoinítear agus/nó a bhainistítear go díreach nó go hindíreach agus buiséid faoi bhainistíocht chomhroinnte.

Leasú 34
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfar an cúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 10 a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.	3. Déanfar an cúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 10 a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, ***faoi réir trédhearcacht iomlán atá ceaptha mí-úsáid cistí a chosc, lena n-áirítear tuairisciú poiblí ar leithdháileadh, ar thairbhithe agus ar úsáid deiridh, chomh maith le hiniúchtaí rialta*** i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Leasú 35
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) comhlachtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta, amhail comhpháirtithe comhshaoil, eagraíochtaí neamh-rialtasacha, eagraíochtaí óige agus comhlachtaí atá freagrach as an gcuimsiú sóisialta, na cearta bunúsacha, cearta daoine faoi mhíchumas, an comhionannas inscne agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn, institiúidí agus eagraíochtaí náisiúnta um chearta an duine;	(c) comhlachtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta, amhail comhpháirtithe comhshaoil, eagraíochtaí neamh-rialtasacha, eagraíochtaí óige agus comhlachtaí atá freagrach as an gcuimsiú sóisialta, na cearta bunúsacha, cearta daoine faoi mhíchumas, an comhionannas inscne agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn, institiúidí agus eagraíochtaí náisiúnta um chearta an duine ***agus, i gcás inarb iomchuí, eagraíochtaí idirnáisiúnta ar bhealach atá comhréireach lena n-ábharthacht agus gan dochar do phríomhfhreagracht na n-údarás poiblí, lena n-áirithítear go ndírítear tacaíocht go héifeachtach ar na pobail is mó atá i ngátar;***

Leasú 36
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

(a) prionsabail an smachta reachta mar a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (a), agus Airteagal 3 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092;	(a) prionsabail ***an daonlathais agus*** an smachta reachta mar a leagtar amach in ***Airteagal 2 CAE agus a shonraítear, go háirithe, in*** Airteagal 2, pointe (a), agus Airteagal 3 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092;

Leasú 37
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Urramóidh na Ballstáit na cearta, na saoirsí agus na prionsabail sin agus a bPleananna faoi seach á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme acu.	Urramóidh na Ballstáit na cearta, na saoirsí agus na prionsabail sin agus a bPleananna faoi seach á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme acu. ***Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit socruithe iomchuí i bhfeidhm chun aon sáruithe ar na cearta, ar na saoirsí agus ar na prionsabail sin a chosc, a bhrath agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear trí shásraí éifeachtacha faireacháin agus rialaithe.***

Leasú 38
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh choinníoll cothrománach an smachta reachta ar bhonn critéir oibiachtúla, thrédhearcacha agus infhíoraithe. Féadfar na critéir sin a ghlacadh trí bhíthin gníomh tarmligthe. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chomhlíonadh leanúnach na gcritéar sin le linn chur chun feidhme na bPleananna.

Leasú 39
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit sásraí éifeachtacha a chur i bhfeidhm agus a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na bearta a fhaigheann tacaíocht óna bPleananna agus a gcur chun feidhme forálacha ábhartha Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh le linn chur chun feidhme an Chiste (‘coinníoll cothrománach na Cairte’).	Déanfaidh na Ballstáit***, ar bhealach atá trédhearcach agus infhioraithe go neamhspléach,*** sásraí éifeachtacha a chur i bhfeidhm agus a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na bearta a fhaigheann tacaíocht óna bPleananna agus a gcur chun feidhme forálacha ábhartha Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh le linn chur chun feidhme an Chiste (‘coinníoll cothrománach na Cairte’).

Leasú 40
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Soláthróidh siad measúnú ar ***na sásraí sin***, i gcomhréir le hAirteagal 22(2), pointe (q) [ceanglais maidir leis an bPlean CNR] agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon mhodhnú a mbeidh tionchar aige ar chomhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte.	Soláthróidh siad measúnú ar an ***gcomhlíontacht sin***, i gcomhréir le hAirteagal 22(2), pointe (q) [ceanglais maidir leis an bPlean CNR] agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon mhodhnú a mbeidh tionchar aige ar chomhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte. ***Comhlíontar an coinníoll i gcás ina gcomhlíontar critéir ghaolmhara.***

Leasú 41
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cumhdófar an méid seo a leanas sa chomhlíontacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír:
	(a) socruithe - lena n-áirítear bearta coisctheacha, measúnuithe riosca agus fothú acmhainneachta d’údaráis bhainistíochta agus do thairbhithe - chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na bearta a chuirtear chun feidhme faoin gCiste agus a dtacaíonn an Ciste leo coinníoll

	cothrománach na Cairte;
	(b) sásraí neamhspleácha um ghearáin a chuireann ar chumas daoine aonair agus eagraíochtaí cásanna neamhchomhlíonta a thuairisciú. Beidh rochtain ag an bpobal ar shásraí den sórt sin ar feadh shaolré na bpleananna CNR.
	Tabharfaidh na Coistí Faireacháin arna mbunú de bhun Airteagal 54 den Rialachán seo aghaidh ar shaincheisteanna arna sainaithint ag an sásra gearán neamhspleách. Déanfar sásraí gearáin a phoibliú go forleathan, beidh siad soláimhsithe agus beidh rochtain ag cách orthu, lena n-áirítear daoine ar leochaileach a gcás, le linn thimthriall iomlán an chláir.

Leasú 42
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina gcinneann an Coimisiún nach gcomhlíontar coinníoll cothrománach na Cairte, glacfaidh sé cinneadh cur chun feidhme lena gcinnfear neamhchomhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte agus lena sainaithneofar bearta sonracha an Phlean CNR a ndéanann an neamhchomhlíonadh difear dóibh, laistigh de 2 mhí tar éis dó barúlacha an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 3 a fháil.	I gcás ina gcinneann an Coimisiún nach gcomhlíontar coinníoll cothrománach na Cairte, glacfaidh sé cinneadh cur chun feidhme lena gcinnfear neamhchomhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte, ***go háirithe i gcás ina mbíonn mí-úsáid, calaois nó mainneachtain feabhsuithe nithiúla a chur ar fáil do na tairbhithe beartaithe mar thoradh ar easpa trédhearcachta nó easnaimh,*** agus lena sainaithneofar bearta sonracha Phlean CNR a ndéanann an neamhchomhlíonadh difear dóibh, laistigh de 2 mhí tar éis dó barúlacha an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 3 a fháil.

Leasú 43
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Dá bhféadfadh an sárú arna shainaithint ag an gCoimisiún a bheith ina shárú ar choinníoll cothrománach an smachta reachta, déanfar nós imeachta Airteagal 9 a ghníomhachtú de réir tosaíochta.	***scriosta***

Leasú 44
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	8a. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas láithreach faoi aon chinneadh arna moladh, arna nglacadh, arna leasú nó arna aisghairm de bhun mhíreanna 4, 6 agus 7. Áireofar san fhaisnéis sin údar cuí-réasúnaithe, an measúnú foluiteach agus na heilimintí ábhartha uile. Arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, tíolacfaidh an Coimisiún a mheasúnú gan moill mhíchuí.

Leasú 45
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 8 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	8b. Foilseoidh an Coimisiún gan mhoill na gníomhartha lena n-údaraítear scaoileadh na gcistí faoin gCiste, chomh maith le haon ghníomhartha arna nglacadh i dtaca leis na cinntí sin.

Leasú 46
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go n-urramófar prionsabail an smachta reachta mar a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (a), agus Airteagal 3 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 le linn chur chun feidhme an Chiste (‘coinníoll cothrománach an smachta reachta’). Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon mhodhnú a imreoidh tionchar ar chomhlíonadh an choinníll sin.	1. Áiritheoidh na Ballstáit, ar bhealach atá trédhearcach agus infhíoraithe go neamhspleách, go n-urramófar prionsabail an ***daonlathais agus*** an smachta reachta mar a leagtar amach in ***Airteagal 2 CAE agus a shonraítear, go háirithe,*** in Airteagal 2, pointe (a), agus Airteagal 3 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 le linn chur chun feidhme an Chiste (‘coinníoll cothrománach ***an daonlathais agus*** an smachta reachta’). Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon mhodhnú a imreoidh tionchar ar chomhlíonadh an choinníll sin. ***Comhlíontar an coinníoll i gcás ina gcomhlíontar critéir ghaolmhara. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh freisin tuarascálacha arna soláthar ag OIPE faoi Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092.***

Leasú 47
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíonann Ballstát coinníoll cothrománach an smachta reachta nó nach gcomhlíonann sé an coinníoll sin a thuilleadh, tabharfaidh sé fógra don Bhallstát lena mbaineann faoina mheasúnú, agus faisnéis ábhartha á cur san áireamh, lena n-áirítear faisnéis arna soláthar ag an mBallstát lena mbaineann ina Phlean CNR, mar fhreagairt ar bharúlacha ón gCoimisiún, agus tuarascálacha tírshonracha an Smachta Reachta agus an tSeimeastair Eorpaigh.	2. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíonann Ballstát coinníoll cothrománach ***an daonlathais agus*** an smachta reachta nó nach gcomhlíonann sé an coinníoll sin a thuilleadh, tabharfaidh sé fógra don Bhallstát lena mbaineann faoina mheasúnú, agus faisnéis ábhartha á cur san áireamh, lena n-áirítear faisnéis arna soláthar ag an mBallstát lena mbaineann ina Phlean CNR, mar fhreagairt ar bharúlacha ón gCoimisiún, agus tuarascálacha tírshonracha an Smachta Reachta agus an tSeimeastair Eorpaigh.

Leasú 48
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

I gcás ina gcinneann an Coimisiún nach gcomhlíontar coinníoll cothrománach an smachta reachta, ***molfaidh sé cinneadh cur chun feidhme don Chomhairle*** lena gcinnfear neamhchomhlíonadh choinníollacha cothrománacha na an Smachta Reachta agus lena sainaithneofar bearta sonracha an Phlean CNR a ndéanann an neamhchomhlíonadh difear dóibh, laistigh de 2 mhí tar éis dó barúlacha an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 4 a fháil.	I gcás ina gcinneann an Coimisiún nach gcomhlíontar coinníoll cothrománach ***an daonlathais agus*** an smachta reachta, ***glacfaidh sé*** gníomh ***tarmligthe*** lena gcinnfear neamhchomhlíonadh choinníoll cothrománach ***an daonlathais agus*** an smachta reachta agus lena sainaithneofar bearta sonracha an Phlean CNR a ndéanann an neamhchomhlíonadh difear dóibh, laistigh de 2 mhí tar éis dó barúlacha an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 3 a fháil.

Leasú 49
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 4 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun na críche sin, cuirfear na gnéithe seo a leanas de neamhchomhlíonadh choinníoll cothrománach an Smachta Reachta san áireamh:	Chun na críche sin, cuirfear na gnéithe seo a leanas de neamhchomhlíonadh choinníoll cothrománach ***an daonlathais agus*** an smachta reachta san áireamh:

Leasú 50
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 4 – fomhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha ar bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais;	(a) an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha ar bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais***, go háirithe comhar éifeachtúil agus tráthúil le OIPE***;

Leasú 51
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 4 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme laistigh de 4 seachtaine tar éis ghlacadh an togra ón gCoimisiún.	***scriosta***

Leasú 52
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Féadfaidh an Ballstát iarratais ar íocaíocht a chur isteach le haghaidh na mbeart sonrach a shainaithneofar sa chinneadh dá dtagraítear i mír 4, ach ní dhéanfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí comhfhreagracha go dtí go gcomhlíonfar coinníoll cothrománach an Smachta Reachta.	5. Féadfaidh an Ballstát iarratais ar íocaíocht a chur isteach le haghaidh na mbeart sonrach a shainaithneofar sa chinneadh dá dtagraítear i mír 4, ach ní dhéanfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí comhfhreagracha go dtí go gcomhlíonfar coinníoll cothrománach ***an daonlathais agus an*** smachta reachta.

Leasú 53
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas a luaithe a mheasfaidh sé gur leigheasadh an sárú ar choinníoll cothrománach an smachta reachta. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin laistigh de 2 mhí tar éis í a fháil. Má mheasann an Coimisiún gur leigheasadh an ***sárú ina iomláine***, ***molfaidh sé don Chomhairle*** an cinneadh dá dtagraítear i mír 4 a aisghairm. ***Má mheasann*** an Coimisiún ***gur leigheasadh an sárú i bpáirt***, ***molfaidh sé don Chomhairle an cinneadh dá dtagraítear i mír 4 a leasú dá réir sin***. ***Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme laistigh de 4 seachtaine tar éis ghlacadh an togra ón*** gCoimisiún.	6. Cuirfidh an Ballstát ***lena mbaineann*** an Coimisiún ar an eolas a luaithe a mheasfaidh sé gur leigheasadh an sárú ar choinníoll cothrománach ***an daonlathais agus*** an smachta reachta. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin laistigh de 2 mhí tar éis í a fháil. ***I gcás*** ina measann an Coimisiún ***gur comhlíonadh coinníoll cothrománach an daonlathais agus an smachta reachta***, aisghairfidh sé an cinneadh dá dtagraítear i mír 4. ***I gcás*** nach n-aontaíonn an Coimisiún ***leis an mBallstát maidir le comhlíonadh choinníoll cothrománach na smachta reachta,*** cuirfidh sé ***an Ballstát ar an eolas faoin méid sin agus leagfaidh sé amach a mheasúnú. Leagfaidh*** an Coimisiún ***amach na critéir shonracha a bheidh le comhlíonadh chun cistí atá ar fionraí a scaoileadh ar bhealach soiléir oibiachtúil agus cuirfidh sé na critéir sin, chomh maith leis an measúnú ar a gcomhlíonadh, ar fáil go poiblí***. ***Beidh cinntí chun cistiú a chur ar fionraí, a leasú nó a aisghairm bunaithe ar***

	athchóirithe infhíoraithe agus léireofar go bhfuil an smacht reachta á chomhlíonadh sa chleachtas.

Leasú 54
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Déanfaidh an Coimisiún laghdú comhréireach ar an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas de chuid an Bhallstáit a mhéid a bhaineann le bearta sonracha an Phlean nó, i leith na tacaíochta iasachta, déanfaidh sé aon bheart atá ar fáil faoin gcomhaontú iasachta, i gcás nár aisghaireadh an cinneadh dá dtagraítear i mír 4 ***[***laistigh de bhliain ***[amháin]*** tar éis a ghlactha***]***.	7. Déanfaidh an Coimisiún laghdú comhréireach ar an ranníocaíocht airgeadais ón Aontas de chuid an Bhallstáit a mhéid a bhaineann le bearta sonracha an Phlean nó, i leith na tacaíochta iasachta, déanfaidh sé aon bheart atá ar fáil faoin gcomhaontú iasachta, i gcás nár aisghaireadh an cinneadh dá dtagraítear i mír 4 laistigh de bhliain ***amháin*** tar éis a ghlactha. ***I gcás ina bhfuil údar cuí leis i bhfianaise chineál, chastacht nó chineál sistéamach na sáruithe ar an daonlathas agus ar an smacht reachta lena mbaineann, féadfaidh an Coimisiún síneadh suas le 2 bhliain bhreise a chur leis an tréimhse sin. Beidh síneadh den sórt sin bunaithe ar ghnéithe oibiachtúla infhíoraithe agus beidh réasúnú cuí ag gabháil leis.***

Leasú 55
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas láithreach faoi aon chinneadh arna moladh, arna nglacadh, arna leasú nó arna aisghairm de bhun mhíreanna 4 ***agus 6***.	8. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas láithreach faoi aon chinneadh arna moladh, arna nglacadh, arna leasú nó arna aisghairm de bhun mhíreanna 4***, 6 agus 7***. ***Áireofar san fhaisnéis sin údar cuí-réasúnaithe, an measúnú foluiteach agus na heilimintí ábhartha uile. Arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, tíolacfaidh an Coimisiún a mheasúnú gan moill***

mhíchuí.

Leasú 56
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	8a. Foilseoidh an Coimisiún gan mhoill na gníomhartha lena n-údaraítear scaoileadh na gcistí faoin gCiste, chomh maith le haon ghníomhartha arna nglacadh i dtaca leis na cinntí sin.

Leasú 57
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 8 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	8b. Cuirfidh na Ballstáit sásraí éifeachtacha ar bun agus coinneoidh siad ar bun iad chun a áirithiú go gcomhlíonfar acquis an Aontais atá fíor-riachtanach do chosaint leasanna airgeadais an Aontais le linn chur chun feidhme an Chiste ('coinníoll cothrománach CLA'). Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon mhodhnú a imreoidh tionchar ar chomhlíonadh an choinníll chothrománaigh CLA. I gcás ina measann an Coimisiún nach gcomhlíonann Ballstát coinníoll cothrománach CLA, nó nach gcomhlíonann sé a thuilleadh é, tabharfaidh sé fógra don Bhallstát lena mbaineann faoina mheasúnú.

Leasú 58
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

1. Saorfaidh an Coimisiún aon mhéid i bPlean CNR agus i gcaibidil an Phlean Interreg nár úsáideadh le haghaidh réamh-mhaoiniú, i gcomhréir le hAirteagal 17 [réamh-mhaoiniú] nó nár cuireadh iarratas ar íocaíocht isteach ina leith i gcomhréir le hAirteagal 65 [iarratais ar íocaíocht a chur isteach agus a mheasúnú], faoin 31 Deireadh Fómhair den bhliain féilire tar éis bhliain na ngealltanas buiséadach.	1. Saorfaidh an Coimisiún aon mhéid i bPlean CNR agus i gcaibidil an Phlean Interreg nár úsáideadh le haghaidh réamh-mhaoiniú, i gcomhréir le hAirteagal 17 [réamh-mhaoiniú] nó nár cuireadh iarratas ar íocaíocht isteach ina leith i gcomhréir le hAirteagal 65 [iarratais ar íocaíocht a chur isteach agus a mheasúnú], faoin 31 Deireadh Fómhair den bhliain féilire tar éis bhliain na ngealltanas buiséadach. ***Iontrálfar méideanna saortha i mbuiséad ginearálta an Aontais agus cinnfidh an t-údarás buiséadach a n-ath-leithdháileadh nó a n-athúsáid i gcomhréir leis an nós imeachta buiséadach bliantúil.***

Leasú 59
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Na leithreasuithe a chomhfhreagraíonn do shaoradh i gcomhréir le hAirteagal 7(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 agus Airteagail 8 [an Chairt] agus 9 [coinníoll cothrománach an smachta reachta] den Rialachán seo, ***féadfar*** iad a chur ar fáil arís lena n-úsáid faoi ionstraimí nó cláir eile de chuid an Aontais arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, go háirithe ionstraimí nó cláir a thacaíonn le daonlathas na hEorpa, leis an tsochaí shibhialta, le luachanna an Aontais nó leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe.	4. Na leithreasuithe a chomhfhreagraíonn do shaoradh i gcomhréir le hAirteagal 7(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 agus Airteagail 8 [an Chairt] agus 9 [coinníoll cothrománach an smachta reachta] den Rialachán seo, ***déanfar*** iad a chur ar fáil arís lena n-úsáid faoi ionstraimí nó cláir eile de chuid an Aontais arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, go háirithe ionstraimí nó cláir a thacaíonn le daonlathas na hEorpa, leis an tsochaí shibhialta, le luachanna an Aontais nó leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe. ***Déanfar leithreasuithe den sórt sin a chur in áirithe, a mhéid is féidir, chun tairbhe na dtairbhithe deiridh sa Bhallstát lena mbaineann agus díreofar iad, mar thosaíocht, ar bhearta atá dírithe ar éifeachtaí díobhálacha a leanann as sáruithe ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar na prionsabail a leagtar amach sa Chairt ar thairbhithe agus ar fhaighteoirí deiridh a mhaolú. Déanfar cion de na leithreasuithe a rannchuidíonn le tacaíocht do dhaonlathas na hEorpa a***

	leithdháileadh, i gcás inarb iomchuí, ar ionstraimí nó ar chláir a chuirtear chun feidhme sa Bhallstát lena mbaineann inar cuireadh na cistí ar fionraí nó inar saoradh iad, d'fhonn tacaíocht leanúnach do thairbhithe deiridh agus cur chun cinn Airteagal 2 CAE ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú.

Leasú 60
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta prionsabail an smachta reachta, an daonlathais agus urramú na Cairte, lena n-áirítear cosaint bhreithiúnach éifeachtach, maoirseacht neamhspleách, agus coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc. Aon easnaimh sna réimsí sin a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do bhainistíocht fhónta airgeadais ar chistí de chuid an Aontais, tabharfar aghaidh orthu gan mhoill trí bhearta ceartaitheacha iomchuí.

Leasú 61
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tacófar leis na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2 agus rannchuideofar ar bhealach cuimsitheach leordhóthanach leis na cuspóirí sonracha uile a leagtar síos in Airteagal 3, agus dúshláin shonracha an Bhallstáit lena mbaineann á gcur san áireamh, agus soláthrófar straitéis idirghabhála ina léireofar conas a thabharfar aghaidh ar na cuspóirí sin agus conas a mhaoineofar iad leis an bPlean, cén leibhéal maoinithe a	(a) tacófar leis na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2, ***beifear comhsheasmhach leo, urramófar iad*** agus rannchuideofar ar bhealach cuimsitheach leordhóthanach leis na cuspóirí sonracha uile a leagtar síos in Airteagal 3, agus dúshláin shonracha an Bhallstáit lena mbaineann á gcur san áireamh, agus soláthrófar straitéis idirghabhála ina léireofar conas a thabharfar aghaidh ar na cuspóirí sin agus conas a mhaoineofar iad

bhfuil gá leis chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí ginearálta, agus conas atá údar leis an leibhéal maoinithe. Le Plean CNR an Bhallstáit ag a bhfuil OIN per capita níos lú ná 90 % de mheán an Aontais, léireofar go háirithe go rannchuidíonn sé ar bhealach leordhóthanach leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(a), pointí (vii) agus (ix), agus Airteagal 3(d), pointe (v).	leis an bPlean, cén leibhéal maoinithe a bhfuil gá leis chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí ginearálta, agus conas atá údar leis an leibhéal maoinithe. Le Plean CNR an Bhallstáit ag a bhfuil OIN per capita níos lú ná 90 % de mheán an Aontais, léireofar go háirithe go rannchuidíonn sé ar bhealach leordhóthanach leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(a), pointí (vii) agus (ix), agus Airteagal 3(d), pointe (v).

Leasú 62
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha ábhartha a dhírítear chuig an mBallstát, lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta;	(i) i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha ábhartha a dhírítear chuig an mBallstát, lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ***agus na moltaí sin a bhaineann leis an smacht reachta***;

Leasú 63
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b – pointe iii a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iiia) míniú a thabhairt ar an gcaoi a dtugann na Ballstáit tacaíocht do OIPE, i gcomhréir le hAirteagal 5(6) de Rialachán (AE) 2017/1939, i dtéarmaí na sásraí atá i bhfeidhm agus na hacmhainneachta atá tiomnaithe don tacaíocht sin.

Leasú 64
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(l) sonrófar na socruithe atá i bhfeidhm chun a áirithiú, i gcás ina mbrisfear sprioc-amanna íocaíochta nó ina gcuirfear cistiú ón Aontas, ceartuithe airgeadais nó bearta eile ar fionraí chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú, go gcomhlíonfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí leanúint de na híocaíochtaí le tairbhithe, faighteoirí, faighteoirí deiridh, conraitheoirí agus rannpháirtithe;	(l) sonrófar na socruithe atá i bhfeidhm chun a áirithiú, i gcás ina mbrisfear sprioc-amanna íocaíochta nó ina gcuirfear cistiú ón Aontas, ceartuithe airgeadais nó bearta eile ar fionraí chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú, go gcomhlíonfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí a áirithiú go leanfar de na híocaíochtaí le tairbhithe, faighteoirí, faighteoirí deiridh, conraitheoirí agus rannpháirtithe ***ar bhealach neamhbhriste agus tráthúil***;

Leasú 65
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2 – pointe o

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(o) soláthrófar féinmheasúnú ar chomhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte dá dtagraítear in Airteagal 8 [Airteagal maidir leis an gCairt];	(o) soláthrófar féinmheasúnú ***cuimsitheach, fianaisebhunaithe*** ar chomhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte dá dtagraítear in Airteagal 8 [Airteagal maidir leis an gCairt]; ***Beidh doiciméadacht agus sonraí ábhartha mar thaca leis an measúnú sin, agus sainaithneofar ann rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le neamhchomhlíonadh, na bearta a rinneadh chun na rioscaí sin a chosc agus a mhaolú, chomh maith leis na sásraí atá ar fáil chun leigheasanna éifeachtacha a áirithiú i gcás sáruithe***;

Leasú 66
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 2 – pointe p

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(p) sonrófar an chaoi a n-áirithítear leis an bPlean agus lena chur chun feidhme atá beartaithe go n-urramófar coinníoll cothrománach an Smachta Reachta dá dtagraítear in Airteagal 9 [coinníoll	(p) sonrófar an chaoi a n-áirithítear leis an bPlean agus lena chur chun feidhme atá beartaithe go n-urramófar coinníoll cothrománach ***an daonlathais agus*** an smachta reachta dá dtagraítear in Airteagal

cothrománach an smachta reachta], lena n-áirítear an obair leantach a rinneadh ar na moltaí tírshonracha arna n-eisiúint faoi chuimsiú na Tuarascála is déanaí maidir leis an Smacht Reachta agus an tSeimeastair Eorpaigh, mar aon le bearta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thírshonracha sin a sainaithníodh.	9 [coinníoll cothrománach an smachta reachta], lena n-áirítear an obair leantach a rinneadh ar na moltaí tírshonracha arna n-eisiúint faoi chuimsiú na Tuarascála is déanaí maidir leis an Smacht Reachta agus an tSeimeastair Eorpaigh, mar aon le bearta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thírshonracha sin a sainaithníodh. ***Chuige sin, áireofar sa Phlean straitéis cur chun feidhme nithiúil mhionsonraithe ina leagfar amach na bearta atá le glacadh, an amlíne chun iad a chur i gcrích, na húdaráis fhreagracha, agus na garspriocanna agus na spriocanna comhfhreagracha, chomh maith leis na hacmhainní a leithdháilfear.***

Leasú 67
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Na bearta sonracha a shainaithnítear sa chinneadh ***cur chun feidhme*** dá dtagraítear in Airteagal 9(4) nó atá faoi réir cinneadh lena bhforchuirtear bearta chun an buiséad a chosaint faoi Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, ní leasófar iad go dtí go n-aisghairfear an cinneadh, ach amháin má tá sé beartaithe leis an leasú tacú le bearta lena rannchuidítear le comhlíonadh choinníoll cothrománach an Smachta Reachta nó le haghaidh a thabhairt ar an staid ba chúis le glacadh na gcinntí thuasluaite.	8. Na bearta sonracha a shainaithnítear sa ghníomh ***tarmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 9(4) nó atá faoi réir cinneadh lena bhforchuirtear bearta chun an buiséad a chosaint faoi Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, ní leasófar iad go dtí go n-aisghairfear an cinneadh, ach amháin má tá sé beartaithe leis an leasú tacú le bearta lena rannchuidítear le comhlíonadh choinníoll cothrománach an ***daonlathais agus*** an smachta reachta nó le haghaidh a thabhairt ar an staid ba chúis le glacadh na gcinntí thuasluaite.

Leasú 68
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 9 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) comhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte;	(a) comhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte ***nó aghaidh a thabhairt ar an staid ba chúis le glacadh***

an chinnidh thuasluaite;

Leasú 69
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) an gá atá le comhlíonadh leanúnach choinníollacha cothrománacha an Smachta Reachta agus na Cairte a áirithiú i gcur chun feidhme an Phlean, agus na dúshláin thírshonracha a sainaithníodh i gcomhthéacs na Tuarascála maidir leis an Smacht Reachta agus an tSeimeastair Eorpaigh á gcur san áireamh go háirithe.	(g) an gá atá le comhlíonadh leanúnach ***an daonlathais agus*** an smachta reachta, ***cosaint leasanna airgeadais*** agus choinníollacha cothrománacha na Cairte a áirithiú, ***lena n-áirítear a áirithiú go ndéanfar na moltaí tírshonracha arna n-eisiúint ag an gCoimisiún a chomhtháthú go cuí agus go dtabharfar aghaidh orthu*** i gcur chun feidhme an Phlean, agus na dúshláin thírshonracha a sainaithníodh i gcomhthéacs na Tuarascála maidir leis an Smacht Reachta agus an tSeimeastair Eorpaigh á gcur san áireamh go háirithe.

Leasú 70
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 51 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) bearta agus nósanna imeachta éifeachtacha agus comhréireacha a chur i bhfeidhm, agus na rioscaí arna sainaithint á gcur san áireamh, chun neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, éilliú, coinbhleacht leasa, agus cistiú dúbailte a chosc, a bhrath agus a cheartú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na hoibríochtaí foluiteacha an dlí is infheidhme, i gcomhréir leis na príomhcheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV [príomhcheanglais];	(c) bearta agus nósanna imeachta éifeachtacha agus comhréireacha a chur i bhfeidhm, agus na rioscaí arna sainaithint á gcur san áireamh, chun neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, éilliú, coinbhleacht leasa, ***nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais,*** agus cistiú dúbailte a chosc, ***a thuairisciú***, a bhrath, agus a cheartú, agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na hoibríochtaí foluiteacha an dlí is infheidhme, i gcomhréir leis na príomhcheanglais ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV [príomhcheanglais];

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 54 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina mbunóidh an Ballstát níos mó ná coiste faireacháin amháin, bunóidh sé coiste comhordúcháin freisin a áiritheoidh go ndéanfar forléargas agus faireachán ar chur chun feidhme an phlean, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis ábhartha a bhainistíonn gach ceann de chaibidlí an Phlean CNR, laistigh de 3 mhí ón dáta a thabharfar fógra don Bhallstát lena mbaineann faoin gcinneadh lena bhformheastar an Plean CNR. Formheasfaidh an coiste comhordúcháin na heilimintí uile a liostaítear faoi Airteagal 56(1) [feidhmeanna an choiste faireacháin]	2. I gcás ina mbunóidh an Ballstát níos mó ná coiste faireacháin amháin, bunóidh sé coiste comhordúcháin freisin a áiritheoidh go ndéanfar forléargas agus faireachán ar chur chun feidhme an phlean, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis ábhartha a bhainistíonn gach ceann de chaibidlí an Phlean CNR, laistigh de 3 mhí ón dáta a thabharfar fógra don Bhallstát lena mbaineann faoin gcinneadh lena bhformheastar an Plean CNR. ***Áiritheoidh*** an coiste comhordúcháin ***go gceadófar le heagrú na gcoistí faireacháin faireachán éifeachtach a dhéanamh ar fud na réimsí beartais éagsúla a chumhdaítear leis an bPlean CNR.*** Formheasfaidh ***an coiste comhordúcháin*** na heilimintí uile a liostaítear faoi Airteagal 56(1) [feidhmeanna an choiste faireacháin]

Leasú 72
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 54 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. Oibreoidh na Coistí Faireacháin i gcomhréir le prionsabail na comhpháirtíochta, agus socruithe institiúideacha agus riaracháin na mBallstát á gcur san áireamh. Féadfaidh na Ballstáit na comhpháirtithe ábhartha a rannpháirtiú, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir leis na cleachtais náisiúnta, in obair na gCoistí Faireacháin agus i gcur chun feidhme na gclár.
	Féadfaidh an Coimisiún malartú taithí idir na Ballstáit a éascú, i gcás inarb ábhartha.

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 56 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) comhlíonadh choinníollacha cothrománacha an Smachta Reachta agus na Cairte a leagtar síos in Airteagail 8 agus 9 [an Smacht Reachta agus coinníollacha cothrománacha na cairte] agus a gcur i bhfeidhm le linn na clárthréimhse;	(c) comhlíonadh choinníollacha cothrománacha ***an daonlathais*** agus an smachta reachta agus na Cairte a leagtar síos in Airteagail 8 agus 9 [an Smacht Reachta agus coinníollacha cothrománacha na cairte] agus a gcur i bhfeidhm le linn na clárthréimhse, ***lena n-áirítear measúnú ar chur chun feidhme na moltaí ábhartha a sainaithníodh sa Tuarascáil is déanaí maidir leis an Smacht Reachta, agus ar na bearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thírshonracha ghaolmhara***;

Leasú 74
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 56 – mír 1 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ga) a mhéid a thugtar cosaint leordhóthanach do thairbhithe deiridh i gcur chun feidhme an chláir nó an chomhaontaithe.

Leasú 75
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 58 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh úsáid na gcistí i gcur chun feidhme na bPleananna an dlí is infheidhme, lena n-áirítear na rialacha is infheidhme maidir le soláthar poiblí agus Státchabhair. Áiritheoidh siad go háirithe go ndéanfar neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a thuairisciú, lena n-	1. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh úsáid na gcistí i gcur chun feidhme na bPleananna an dlí is infheidhme, lena n-áirítear na rialacha is infheidhme maidir le soláthar poiblí agus Státchabhair. Áiritheoidh siad go háirithe go ndéanfar neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a thuairisciú, lena n-

áirítear calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa.	áirítear calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa, ***agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais***.

Leasú 76
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 58 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) bearta iomchuí a dhéanamh chun neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú, lena n-áirítear calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa, lena n-áirítear úsáid uirlisí mianadóireachta sonraí;	(c) bearta iomchuí a dhéanamh chun neamhrialtachtaí a chosc***, a thuairisciú***, a bhrath agus a cheartú, lena n-áirítear calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa ***agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear don Chiste***, lena n-áirítear úsáid uirlisí mianadóireachta sonraí;

Leasú 77
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 58 – mír 2 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ga) i gcás na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939:
	- córais a bheith i bhfeidhm acu lena n-áirithítear go mbeidh sé d'acmhainn ag a n-údaráis aon iompar coiriúil a bhféadfadh sé a inniúlacht a fheidhmiú ina leith a bhrath agus a thuairisciú do OIPE gan moill mhíchuí, i gcomhréir le hAirteagal 24(1) go (5) de Rialachán (AE) 2017/1939,
	- a áirithiú go bhfaighidh OIPE tacaíocht leordhóthanach ina chuid imscrúduithe, i gcomhréir le hAirteagal 5(6) de Rialachán (AE) 2017/1939, go háirithe trí fhoireann thiomnaithe agus speisialaithe a bheith sannta ag na Ballstáit do leibhéal díláraithe OIPE, lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe dlí agus imscrúdaitheoirí

agus saineolaithe speisialaithe eile;

Leasú 78
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 58 – mír 2 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) socruithe chun scrúdú éifeachtach ar ghearáin a bhaineann le húsáid an Chiste a áirithiú, i gcomhréir lena gcreataí institiúideacha agus dlíthiúla, agus arna iarraidh sin don Choimisiún, scrúdú ar ghearáin a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin a thagann faoi raon feidhme an Phlean CNR agus torthaí na scrúduithe sin a chur in iúl don Choimisiún;	(j) socruithe chun scrúdú éifeachtach***, neamhchlaonta agus tráthúil*** ar ghearáin a bhaineann le húsáid an Chiste a áirithiú, i gcomhréir lena gcreataí institiúideacha agus dlíthiúla, agus arna iarraidh sin don Choimisiún, scrúdú ar ghearáin a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin a thagann faoi raon feidhme an Phlean CNR agus torthaí na scrúduithe sin a chur in iúl don Choimisiún; ***Áiritheofar le socruithe den sórt sin go bhféadfar gearáin a chur isteach in aon fhoirm i scríbhinn, go n-admhófar go pras go bhfuarthas gach gearán agus go sannfar uimhir thagartha shoiléir dóibh, agus go gcuirfear gearánaigh ar an eolas faoin obair leantach ar a ngearán laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná bliain amháin tar éis an gearán a chur isteach. Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun infheictheacht agus feasacht leathan agus inrochtaineacht na sásraí sin a áirithiú***;

Leasú 79
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 61 – mír 6 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ina bhfuil riosca sonrach nó amhras faoi chalaois, éilliú nó coinbhleachtaí leasa nó neamhchomhlíonadh tromchúiseach eile fhreagrachtaí na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 58 [Freagrachtaí na mBallstát];	(a) ina bhfuil riosca sonrach nó amhras faoi chalaois, éilliú nó coinbhleachtaí leasa, ***gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais nó*** neamhchomhlíonadh tromchúiseach eile fhreagrachtaí na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 58 [Freagrachtaí na mBallstát];

Leasú 80
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 64 – mír 2 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh an fhaisnéis i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit agus/nó i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis, agus beidh sí ar fáil ar an suíomh gréasáin go ceann 2 bhliain ó dháta a foilsithe tosaigh. Beidh na sonraí a fhoilseofar ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1 i bhformáid atá réidh don digitiú, oscailte, idir-inoibritheach agus meaisín-inléite, lenar féidir sonraí a shórtáil, a chuardach, a asbhaint, a chur i gcomparáid agus a athúsáid.	Beidh an fhaisnéis i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit agus/nó i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis, agus beidh sí ar fáil ar an suíomh gréasáin go ceann 2 bhliain ó dháta a foilsithe tosaigh. Beidh na sonraí a fhoilseofar ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1 i bhformáid atá réidh don digitiú, oscailte, idir-inoibritheach agus meaisín-inléite, lenar féidir sonraí a shórtáil, a chuardach, a asbhaint, a chur i gcomparáid agus a athúsáid. ***Cuirfear an fhaisnéis i láthair ar bhealach soiléir, inrochtana agus soláimhsithe don úsáideoir freisin, lena n-áirítear trí achoimrí nó mínithe i dteanga shimplí, chun a áirithiú go mbeidh sí sothuigthe don phobal i gcoitinne.***

Leasú 81
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 86 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 [Tarmligean a fheidhmiú] chun leasú a dhéanamh ar Airteagail 48 [Tacaíocht do tháirgí áitiúla talmhaíochta, iascaigh agus dobharshaothraithe], 58 [Freagrachtaí na mBallstát, tuairisciú ar neamhrialtachtaí], 62 [pionóis as maoirseacht a ríomh], 63 [bailiú agus taifeadadh sonraí], 70 [CCRR], Iarscríbhinní VIII [garspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh], IX [dul chun cinn maidir le cur chun feidhme], XI [iarratas ar íocaíocht], XV [Gníomhaíochtaí an Aontais], XIV [ceartuithe airgeadais], a ghabhann leis an	Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 [Tarmligean a fheidhmiú] chun leasú a dhéanamh ar Airteagail 48 [Tacaíocht do tháirgí áitiúla talmhaíochta, iascaigh agus dobharshaothraithe], 58 [Freagrachtaí na mBallstát, tuairisciú ar neamhrialtachtaí], 62 [pionóis as maoirseacht a ríomh], 63 [bailiú agus taifeadadh sonraí], 70 [CCRR], Iarscríbhinní VIII [garspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh], IX [dul chun cinn maidir le cur chun feidhme], XI [iarratas ar íocaíocht], XV [Gníomhaíochtaí an Aontais], XIV [ceartuithe airgeadais], a ghabhann leis an

Rialachán seo chun iad a oiriúnú d’athruithe a tharlaíonn le linn na clárthréimhse.	Rialachán seo chun iad a oiriúnú d’athruithe a tharlaíonn le linn na clárthréimhse. ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 87 chun neamhchomhlíonadh an smachta reachta a chinneadh agus chun bearta sonracha Phlean CNR a ndéanann an neamhchomhlíonadh difear dóibh a shainaithint.***

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an cathaoirleach ina cháil mar rapóirtéir don tuairim, faoina fhreagracht eisiach, nár chuir sé san áireamh ina thuairim aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil don tréimhse 2028-2034
Tagairtí	COM(2025)0565 – C10-0179/2025 – 2025/0240(COD)
An coiste freagrach/Na coistí freagracha Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	BUDG REGI AGRI 23.10.2025 23.10.2025 23.10.2025
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 23.10.2025
Rapóirtéir don tuairim: Dáta an cheapacháin	An tUasal Javier Zarzalejos 19.6.2026
An rapóirtéir don tuairim a bhí ann roimhe seo	António Tânger Corrêa
Dáta an ghlactha	24.6.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 51 –: 17 0: 1

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

51	+
Coimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa (ECR)	Assita Kanko
Páirtí an Phobail Eorpaigh (PPE)	Krzysztof Brejza, Caterina Chinnici, Paulo Cunha, Lena Düpont, Loucas Fourlas, Ondřej Kolář, Marie-Sophie Lanig, Jeroen Lenaers, Verena Mertens, Ana Miguel Pedro, Emil Radev, Karlo Ressler, Bartłomiej Sienkiewicz, Tomas Tobé, Loránt Vincze, Isabel Wiseler-Lima, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
An Grúpa Renew	Malik Azmani, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Fabienne Keller, Moritz Körner, Michael McNamara, Marjan Šarec, Hilde Vautmans, Lucia Yar
An Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa (S&D)	Vytenis Povilas Andriukaitis, Francisco Assis, Katarina Barley, Hannes Heide, Alicia Homs Ginel, Evin Incir, Murielle Laurent, Ana Catarina Mendes, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Cecilia Strada, Kristian Vigenin, Alessandro Zan
The Left	Giuseppe Antoci, Pernando Barrena Arza, Gaetano Pedulla', Ilaria Salis
Na Glasaigh/ALE	Jaume Asens Llodrà, Saskia Bricmont, Mélissa Camara, Markéta Gregorová, Leoluca Orlando, Tineke Strik

17	-
Coimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa (ECR)	Alessandro Ciriani, Geadis Geadi, Paolo Inselvini, Georgiana Teodorescu, Maciej Wąsik
ESN	Alexander Sell, Milan Uhrík, Roberto Vannacci
NI	Erik Kaliňák
PfE	Jorge Buxadé Villalba, Mélanie Disdier, Marieke Ehlers, Catherine Griset, András László, Fabrice Leggeri, António Tânger Corrêa, Tom Vandendriessche

1	0
PfE	Jaroslav Bžoch

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh